C/2026/3897

20.7.2026

**Foilsiú iarratais ar fhormheas ar leasú ar shonraíocht táirge de bhun Airteagal 59(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012** [1]

(C/2026/3897)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 61 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

IARRATAS AR LEASÚ AR AN tSONRAÍOCHT TÁIRGE SAINEARRA TRAIDISIÚNTA FAOI RÁTHAÍOCHT

**(Airteagal 66 de Rialachán (AE) 2024/1143)**

**‘Rögös túró’**

**Uimh. AE: TSG-HU-1113-AM02 — 27.1.2025**

1. **Ainm an táirge lena mbaineann an leasú**

‘Rögös túró’

2. **Ballstát ar dá thionscnamh an t-iarratas**

an Ungáir

3. **Ceannteidil sa tsonraíocht táirge lena mbaineann an leasú (nó na leasuithe)**

☐ Ainm an táirge

☒ Tuairisc ar an táirge

☒ Modh táirgthe

☐ Eile

4. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) agus na cúiseanna leis (nó leo)**

Roinn a ndéanann an leasú difear di: Tuairisc ar an táirge

***Liosta na leasuithe (1-2):***

*Leasú 1: 3.1 (an chéad mhír, an dara habairt)*

Roimhe seo:

Baintear cainníocht iomarcach an mheidhg as an ngruth a tháirgtear as an mbun-chomhábhar bainne le gruthú aigéadach nó measctha, go réidh, trí mheáin imtharraingthe, agus trí scinceáil, i.e. trí fhéinbhrú, a áirithíonn i ndeireadh na dála – fiú ag an gcéim roinnte agus pacáistithe – go gcaomhnaítear an uigeacht ghrabhrógach, chnapánach, mar a bheadh cóilis ann.

Leasú:

Baintear cainníocht iomarcach an mheidhg go réidh as an ngruth a tháirgtear as an mbun-chomhábhar bainne le gruthú aigéadach nó measctha, próiseas a áirithíonn i ndeireadh na dála – fiú ag an gcéim roinnte agus pacáistithe – go gcaomhnaítear an uigeacht ghrabhrógach chnapánach mar a bheadh cóilis ann.

[1] IO L 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj.

*Leasú 2: Leasaíodh pointe 4.1 den tsonraíocht táirge Ceanglais fhisiceacha agus cheimiceacha*

*Leasú 2.1:*

Cuireadh luach pH leis na ceanglais fhisiceacha:

pH: 4,0-4,8

*Leasú 2.2:*

Cuireadh an téacs míniúcháin seo a leanas isteach roimh an tábla ina ndéantar achoimre ar na ceanglais fhisiceacha agus cheimiceacha:

Is iad seo a leanas na méideanna éagsúla saille in 'Rögös túró': lánsaille, sailleach, leathbhearrtha, ísealsaille agus bearrtha. Is iad seo a leanas na ceanglais fhisiceacha agus cheimiceacha maidir leis na méideanna éagsúla saille:

*Cúiseanna leis na leasuithe thuas (1-2):*

*Cúis 1: 3.1 (an chéad mhír, an dara habairt)*

Cúis:

Tá teicnící nua feabhsaithe éifeachtúlachta tagtha chun cinn nach ndéanann difear do charachtar traidisiúnta an táirge, lena n-áirítear teicnící chun an meascán meidhg agus grutha a thaoscadh. Ós rud é go bhféadfadh na modhanna sin a bheith éagsúil ó tháirgeoir nó ó theicníc amháin go táirgeoir nó teicníc eile, srian a bheadh ann dá sonrófaí na modhanna iarbhír. Dá bhrí sin, ba cheart na modhanna sin a scriosadh ón tsonraíocht táirge. Ní athraíonn an leasú tréithe orgánaileipteacha fíor-riachtanacha ná comhdhéanamh inmheánach an táirge ná ní dhéanann sé difear dá charachtar traidisiúnta. Ina ionad sin, is athrú teicniúil é atá ag teacht leis an dul chun cinn is déanaí sa teicneolaíocht agus le héilimh tomhaltóirí agus a laghdaíonn riosca sábháilteachta bia an táirge.

*Cúis 2: 4.1 Ceanglais fhisiceacha agus ceimiceacha*

Cúis le Leasú 2.1:

Le dul chun cinn sa teicneolaíocht, cuireadh tomhas pH níos cruinne, lena n-áirithítear go gcaomhnaítear na hairíonna traidisiúnta, in ionad thomhas na haigéadachta i roinnt déirithe. Ar an gcúis sin, ba cheart an luach pH coibhéiseach a léiriú in éineacht leis an leibhéal aigéadachta traidisiúnta sa tsonraíocht táirge. Ní athraíonn an leasú tréithe orgánaileipteacha fíor-riachtanacha ná comhdhéanamh inmheánach an táirge ná ní dhéanann sé difear dá charachtar traidisiúnta.

Cúis le Leasú 2.2:

Ba cheart a léiriú sa tuairisc go bhfuil méideanna éagsúla saille ag an táirge, i.e. lánsaille, sailleach, leathbhearrtha, ísealsaille agus bearrtha.

Roinn a ndéanann an leasú difear di: Modh táirgthe

***Liosta na leasuithe (3-16):***

*Leasú 3:*

*Pointe 4.2 den tsonraíocht táirge Substaintí agus ionstraimí a fhéadfar a úsáid*

Roimhe seo:

(a) bainne bó amh nó paistéartha, ó bhainne bearrtha go bainne iomlán;

(b) uachtar, bíodh sé homaiginithe nó ná bíodh;

(c) saothrán lachtach (e.g. i bhfoirm saothráin olltáirgthe nó saothrán tús gabhála déiríochta íosreoite nó reothriomaithe);

(d) binid (le haghaidh gruthú measctha).

Leasú:

(a) bainne bó amh nó paistéartha, ó bhainne bearrtha go bainne iomlán (ag a bhfuil luach uasta SH 7,2 nó pH 6,6-6,85);

(b) uachtar, bíodh sé homaiginithe nó ná bíodh (ag a bhfuil uasaigéadacht phlasma SH 7,2 nó luach pH 6.4-7.0);

(c) saothrán lachtach ina bhfuil SH 36-40, baictéir aigéid lachtaigh a aigéadaíonn agus a tháirgeann dea-bholadh agus ag a bhfuil cumas maith aigéadaithe (e.g i bhfoirm saothrán olltáirgthe nó saothrán tús gabhála déiríochta íosreoite nó reothriomaithe);

(d) binid (le haghaidh gruthú measctha).

*Leasú 4:*

4.2.1. *'Réamhaibiú', an chéad abairt*

Roimhe seo:

Baineann an próiseas sin leis an modh mearghruthaithe amháin. Faoin modh gruthaithe mhall, ní gá an bainne bó a bheith réamhaibithe.

Leasú:

D'fhéadfaí an próiseas sin a chur i bhfeidhm faoin modh mearghruthaithe.

*Leasú 5:*

4.2.1. *'Réamhaibiú', an dara mír, an dara habairt*

Roimhe seo:

Le linn réamhaibithe, déantar an bainne, atá paistéartha ag SH 6,0-7,2, a réamhaibiú go dtí go sroicheann sé SH 9-11.

Leasú:

Le linn réamhaibithe, déantar an bainne, atá paistéartha ag SH 6,0-7,2 (nó pH 6,3-6,45), a réamhaibiú go dtí go sroicheann sé SH 9-11 (nó pH 5,9-6,1).

*Leasú 6:*

4.2.1. *'Réamhaibiú', an tríú mír, an dara habairt*

Roimhe seo:

Ansin cuirtear an bainne réamhaibithe isteach i ngaireas gruthaithe (dabhach) chomh tapa agus is féidir.

Leasú:

Ansin cuirtear an bainne réamhaibithe isteach i ngaireas gruthaithe (dabhach nó umar) chomh tapa agus is féidir.

*Leasú 7:*

4.2.2. *'An cion saille a choigeartú', an chéad abairt*

Roimhe seo:

I gcás inar gá an tsaill a choigeartú, cuirtear bainne iomlán nó uachtar homaiginithe leis an mbainne bó, ag brath ar chéim dheiridh saille an 'Rögös túró'.

Leasú:

Ní mór méid saille an bhainne a choigeartú de réir chéim dheiridh saille 'Rögös túró'. Is féidir é sin a dhéanamh trí leathbhearradh, trí bhainne bearrtha a mheascadh le bainne iomlán, nó trí uachtar a mheascadh, lena n-áirítear uachtar homaiginithe, le bainne iomlán.

*Leasú 8:*

4.2.3. *'Binid a chur leis'*

Roimhe seo:

Le linn gruthú mall, déantar an binid a chur leis an mbainne bó ag 22-32 C agus úsáid á baint as saothrán lachtach de chainníocht 0,5-1,5 % (nó saothrán coibhéiseach púdair nó lachtach reoite).

Le linn mearghruthaithe, déantar binid a chur leis an mbainne réamhaibithe ag 30-32 C agus úsáid á baint as saothrán lachtach de chainníocht 4-5 %.

Leasú:

Le linn gruthú mall, déantar an binid a chur leis an mbainne bó ag 22-32 °C. Le linn mearghruthú le réamhaibiú nó gan é, déantar an binid a chur leis an mbainne nó leis an mbainne réamhaibithe ag 30-32 °C trí úsáid a bhaint as saothrán lachtach (olltáirgthe nó púdair nó reoite), a mbraitheann a chainníocht ar an saothrán, agus leagtar síos cainníocht na binide sa tsonraíocht don chultúr. Cinntear cainníocht an chultúir – agus dá bhrí sin an modh gruthaithe – de réir an ama gruthaithe atá beartaithe.

*Leasú 9:*

4.2.4. *'Gruthú', an chéad abairt*

Roimhe seo:

Cuirtear an bainne ar cuireadh binid leis a ghruthú i soitheach gruthaithe ar feadh 12-20 uair an chloig i gcás gruthú mall agus ar feadh 4-6 uair an chloig i gcás mearghruthú, go dtí go sroichfidh sé SH 30-38.

Leasú:

Déantar an bainne ar cuireadh binid leis a ghruthú i soitheach gruthaithe ar feadh 12-20 uair an chloig i gcás gruthú mall agus ar feadh 4-6 uair an chloig i gcás mearghruthú – nó 6-8 n-uair an chloig i gcás mearghruthú gan réamhaibiú – go dtí go sroicheann sé SH 30-38, nó pH 4,2-4,6.

*Leasú 10:*

4.2.5. *'Próiseáil ghrutha', an dara mír*

Roimhe seo:

Le linn na chéad chéime bhrúite, déantar an gruth a bhriseadh suas le gaireas a áirithíonn go mbristear suas go réidh é, ansin déantar é a mionghearradh, a mheascadh agus ligtear dó suí más gá. Is í an aidhm leis an gcéim sin a áirithiú go scaoiltear an meadhg ón ngruth (siniréis) go tapa. Le linn an ghearrtha, gearrtar an gruth soladaithe i ndiaidh é a bheith ag suí ar feadh tamaill (ag SH 30-38), ina chnapáin de thart ar mhéid gallchnó (2-3 cm). Nuair a bheidh an mionghearradh críochnaithe, taosctar cuid den mheadhg. Le linn na chéad chéime eile, chun cosc a chur ar an ngruth titim as a chéile, féadfar sciath chosanta a chur ar an ngaireas gearrtha, nó féadfar spadail a úsáid in ionad an ghairis ghearrtha. Nuair a mheasctar iad, coinnítear na cnapáin ghrutha mionghearrtha atá fós ar snámh sa meadhg ag gluaiseacht. Mura soladaíonn na cnapáin ghrutha ag an ráta is gá chun substaint an 'Rögös túró' a bhaint amach, is féidir cabhrú leis an bpróiseas soladaithe trí ligean dóibh socrú agus suí ar feadh tamall beag. Tar éis suí ar feadh tamall beag, ní mór na cnapáin ghrutha a mheascadh arís ionas nach ngreamóidh siad dá chéile.

Leasú:

Le linn na chéad chéime bhrúite, déantar an gruth a bhriseadh suas le gaireas a áirithíonn go mbristear suas go réidh é, ansin déantar é a mionghearradh, a mheascadh agus ligtear dó suí más gá. Is í an aidhm leis an gcéim sin cuidiú leis an meadhg a scaoileadh ón ngruth (siniréis). Le linn an ghearrtha, déantar an gruth, tar éis dó a bheith ag suí ar feadh cúpla nóiméad (ag SH 30-38, nó pH 4,2-4,6), a mhionghearradh i gcnapanna gránaithe ar mhéid gallchnó (2-3 cm). Nuair a bheidh an mionghearradh críochnaithe, féadfar cuid den mheadhg a bhaint. Le linn na chéad chéime eile, chun cosc a chur ar an ngruth titim as a chéile, féadfar sciath chosanta a chur ar an ngaireas gearrtha, nó féadfar spadail a úsáid in ionad an ghairis ghearrtha. Nuair a mheasctar iad, coinnítear na cnapáin ghrutha mionghearrtha atá fós ar snámh sa meadhg ag gluaiseacht.

*Leasú 11:*

4.2.5. *'Próiseáil ghrutha', an tríú mír*

Roimhe seo:

Déantar an téamh tar éis na chéad chéime bhrúite. Is é is aidhm dó sin na cnapáin ghrutha a chrapadh a thuilleadh agus an meadhg a scaoileadh. Déantar an gruth a théamh ag déine 1 C in aghaidh 2,5 nóiméad, á mheascadh go leanúnach, go dtí go sroichfear teocht 30-40 C i gcás gruthú mall agus 36-48 C i gcás gruthú luathaithe.

Leasú:

Is é is aidhm don dara téimh na cnapáin ghrutha a chrapadh agus an meadhg a scaoileadh. Déantar an dara téamh trína chorraí go leanúnach, go dtí go mbaintear teocht 30-60 °C amach, gan beann ar an gcineál gruthaithe. Féadfar tús a chur leis an dara próiseas téimh freisin le linn na chéad chéime bhrúite.

*Leasú 12:*

4.2.5. *'Próiseáil ghrutha', an ceathrú mír*

Roimhe seo:

Le linn an dara brú, ní mór an gruth meidhg a mheascadh ar bhonn leanúnach agus é a fhágáil chun moirtiú go dtí go bhfaighfear tathag an ghrutha atá ag teastáil. Ní gá bacadh leis an dara céim brúite i gcás an táirgthe trí ghruthú mall.

Leasú:

Le linn an dara brú, ní mór an gruth meidhg a mheascadh ar bhonn leanúnach agus é a fhágáil chun moirtiú go dtí go bhfaighfear tathag an ghrutha atá ag teastáil. Mura soladaíonn na cnapáin ghrutha ag an ráta is gá chun uigeacht an 'Rögös túró' a fháil, is féidir cabhrú leis an bpróiseas soladaithe trí ligean dóibh moirtiú agus suí ar feadh tamall beag. Tar éis a bheith ag suí ar feadh tamall beag, ní mór na cnapáin ghrutha a mheascadh arís ionas nach ngreamóidh siad dá chéile.

*Leasú 13:*

4.2.6. *'Fuarú agus taoscadh'*

Roimhe seo:

Is é an aidhm atá leis cosc a chur ar ró-aigéadú an ghrutha mionghearrtha agus téite agus ar leathadh aon éilleán miocróbach, ionas nach tiocfaidh an gruth i gceann a chéile agus ionas go rialófar dlúthú. Déantar an gruth a fhuarú i ngaireas gruthaithe (dabhach nó umar) ag déine 3-4 C in aghaidh an nóiméid go dtí go sroicheann sé 18-22 C.

D'fhéadfadh sé gurb é meadhg na daibhche nó an umair féin an timpeallacht fhuaraithe, agus ba cheart ligean dó dul timpeall ar an malartóir teasa plátach atá ionsuite sa líne taosctha, agus é fuaraithe go dtí faoi bhun 5 C. Is féidir uisce óil a úsáid freisin le haghaidh fuarú nuair a bheidh an meadhg taosctha. Soláthraíonn fuarú i seomra fuaraithe sábháilteacht leordhóthanach freisin. Cuireann saothráin na linne seo iontu féin cosc freisin ar ró-aigéadú.

Déantar an meascán meidhg agus gruth 'Rögös túró' a thaoscadh as an ngaireas gruthaithe trí mheán imtharraingthe nó trí chaidéal a chaomhnaíonn uigeacht an ghrutha.

Leasú:

Is é an aidhm atá leis cosc a chur ar ró-aigéadú an ghrutha mionghearrtha agus téite agus ar leathadh aon éilleán miocróbach, ionas nach tiocfaidh an gruth i gceann a chéile agus ionas go rialófar dlúthú. Ní mór an gruth a fhuarú ionas nach sáraíonn an teocht ag deireadh an fhuaraithe 35 °C. Féadfaidh fuarú tarlú roimh an bpacáistiú nó ina dhiaidh.

Déantar an meascán meidhg agus gruth 'Rögös túró' a thaoscadh as an ngaireas gruthaithe trí mheán imtharraingthe nó trí chaidéal a chaomhnaíonn uigeacht an ghrutha.

*Leasú 14:*

4.2.7. *'An meadhg a dheighilt', an chéad mhír, an chéad abairt agus an dara habairt*

Roimhe seo:

Tar éis a dheighilte ón ngruth, ní mór an meadhg a bhaint ansin. Is é an modh deighilte meidhg (scinceáil) an chéim lárnach i bhfoirmiú na huigeachta cnapánaí.

Leasú:

Ní mór an meadhg atá scartha ón ngruth a bhaint, rud a chaomhnaíonn an uigeacht chnapánach. Is é an deighilt an mheidhg an chéim lárnach i bhfoirmiú na huigeachta cnapánaí.

*Leasú 15:*

4.2. *Fophointe 'Ceanglais íosta maidir le fíorú'*

Roimhe seo:

Mar gheall ar shaintréithe an táirge, ní mór na míreanna seo a leanas go háirithe a scrúdú agus 'Rögös túró' á sheiceáil:

Saintréithe cáilíochta sonracha na substaintí seo a leanas (bainne bó, uachtar, saothráin íona de bhaictéir aigéid lachtaigh) a úsáidtear le haghaidh an táirgthe, lena n-áirítear:

— an bainne bó úr, uasmhéid SH 7,2;

— uachtar ag a bhfuil uasmhéid SH 7,2 aigéadacht plasma;

— saothrán lachtach ina bhfuil SH 36-40, baictéir aigéid lachtaigh a aigéadaíonn agus a tháirgeann dea-bholadh agus ag a bhfuil cumas maith aigéadaithe (e.g. i bhfoirm saothrán olltáirgthe nó saothrán tús gabhála déiríochta íosreoite nó reothriomaithe);

Ní mór cloí le forálacha phointe 4 le linn an phróisis táirgthe, go háirithe:

— gruthú: aigéadacht (SH 30-36) agus am gruthaithe (4-20 uair an chloig);

— próiseáil gruthaithe: seiceáil ar thathag an ghrutha (ba cheart é a bheith mín agus ba cheart go bhféadfaí an gruth a bhaint as an líneáil go cruinn, SH 32-38);

— an gruth a fhuarú (go dtí go sroichtear 18-22 C, ag déine 3-4 C in aghaidh an nóiméid);

— an meadhg a dheighilt (go cúramach, trí thaoscadh gan bhrú, i.e. modh imtharraingthe).

Cáilíocht an táirge chríochnaithe:

— ní mór cloí le forálacha phointe 4 agus na ceanglais fhisiceacha agus cheimiceacha á seiceáil (méid saille, cion ábhair tirim, cion saille, aigéadacht);

— ní mór cloí le forálacha phointe 4 nuair a bhíonn na ceanglais orgánaileipteacha á seiceáil (cuma, uigeacht, blas agus boladh).

Leasú:

Mar gheall ar shaintréithe an táirge, ní mór na míreanna seo a leanas go háirithe a scrúdú agus 'Rögös túró' á sheiceáil:

— saintréithe cáilíochta sonracha na substaintí a úsáidtear le haghaidh táirgthe;

— comhlíonadh phointe 4 le linn an phróisis táirgthe;

— a mhéid a bhaineann le cáilíocht an táirge chríochnaithe, comhlíontacht phointe 4 i dtéarmaí ceanglais fhisiceacha agus cheimiceacha (méid saille, cion ábhair thirim, cion saille, aigéadacht) agus ceanglais orgánaileipteacha (cuma, uigeacht, blas agus boladh).

*Leasú 16:*

Roimhe seo:

4.3. Tuairisc ar na príomheilimintí lena mbunaítear saintréith thraidisiúnta an táirge

San 18ú-20ú haois d'itítáiseanna grutha agus iad úr nó leasaítí iad trína meilt, ina staid nádúrtha, ina bpíosaí ar mhéid gráin nó collchnó (*Magyar Néprajz nyolc kötetben*, Akadémiai Kiadó, Magyar Tudományos Akadémia).

Téann tagairt stairiúil amháin don cháis ghrutha a bheith cnapánach siar go dtí an tréimhse tar éis an Chéad Chogadh Domhanda. Deirtear ann go ndéantar 'cáis ghrutha a mhionghearradh ina chnapáin ar mhéid collchnó (…) dá bhrí sin dá ghrabhrógaí is ea an gruth is ea is faide a fhanann sé úr' (O. Gratz, *A tej és tejtermékek*, lgh. 294-296, 1925).

Scríobhadh in *Tejgazdasági Szemle* sa bhliain 1925 go bhfuil cáis ghrutha gránach nó grabhrógach (A. Törs 1925, Tejgazdasági és Tejgazdasági Könyvtár (Tejgazdasági Szemle kiadása)).

Luann Mihály Balatoni 'cnapáin ghrutha, uigeacht mhín, scaoilte, garbh, mar a bheadh cóilis ann, meallta agus cnapáin a thabharfadh an chóilis chun cuimhne (Mihály Balatoni 1960, *Étkezési Túró gyártása*).

In 1979 d'fhoilsigh an Drs Sándor Szakály agus Gábor Tomka figiúirí maidir le treochtaí tomhaltais na cáise grutha seo ag a bhfuil 'uigeacht mar a bheadh cóilis ann' (Tejipar, Iml. 28, Uimh. 1, 1979).

De réir an Dr Sándor Szakály, san Ungáir 'is é an cineál cnapánach atá i gceist le 80 % den táirgeadh cáise grutha ar fad'... Tá difríocht bhunúsach idir 'Rögös túró' agus na trí chineál eile sa mhéid nach féidir gruthú an bhainne a úsáidtear lena thairgeadh a dhéanamh ach amháin trí aigéadú bitheolaíoch…(Dr S. Szakály 1980, *A rögös állományú étkezési túró korszerű gyártása*, Magyar Tejgazdasági Kutató Intézet, Pécs).

De réir an Dr Sándor Szakály, is táirge déiríochta ársa de chuid na hUngáire é 'Rögös túró', nach bhfuiltear ar an eolas faoi ach i Lár na hEorpa, a thagann as áit siar ó Shléibhte na hÚraile agus a táirgeadh sa bhaile ó bhainne amh leis na céadta blianta (Tejgazdaságtan, 2001).

Léirítear cineál traidisiúnta 'Rögös túró' sa chaibidil ar leith atá tiomnaithe dó sa chnuasach 'Hagyományok-Ízek-Régiók' [Traidisiúin-Blasanna-Réigiúin] a d'fhoilsigh an Aireacht Talmhaíochta agus Agrármhargaíochta Centrum in 2002. Tá an cnuasach teoranta do tháirgí a bhfuil stair acu ar féidir a dhoiciméadú de réir na gcritéar ábhartha. Chun cáiliú, ní mór a léiriú go dtéann táirge siar dhá ghlúin (50 bliain) ar a laghad, agus ní mór gur táirge clúiteach aitheanta é a tháirgtear agus a dháiltear.

Leasú:

4.3. Tuairisc ar na príomheilimintí lena mbunaítear saintréith thraidisiúnta an táirge

Tagairtí don mhodh traidisiúnta táirgthe:

San 18ú-20ú haois d'ití cáiseanna grutha agus iad úr nó leasaítí iad trína meilt, ina staid nádúrtha, ina bpíosaí ar mhéid gráin nó collchnó (*Magyar Néprajz nyolc kötetben*, Akadémiai Kiadó, Magyar Tudományos Akadémia).

Téann tagairt stairiúil amháin don cháis ghrutha a bheith cnapánach siar go dtí an tréimhse tar éis an Chéad Chogadh Domhanda. Deirtear ann go ndéantar 'cáis ghrutha a mhionghearradh ina chnapáin ar mhéid collchnó (…) dá bhrí sin dá ghrabhrógaí is ea an gruth is ea is faide a fhanann sé úr' (O. Gratz, *A tej és tejtermékek*, lgh. 294-296, 1925).

De réir an Dr Sándor Szakály, san Ungáir 'is é an cineál cnapánach atá i gceist le 80 % den táirgeadh cáise grutha ar fad'... Tá difríocht bhunúsach idir 'Rögös túró' agus na trí chineál eile sa mhéid nach féidir gruthú an bhainne a úsáidtear lena thairgeadh a dhéanamh ach amháin trí aigéadú bitheolaíoch…(Dr S. Szakály 1980, *A rögös állományú étkezési túró korszerű gyártása*, Magyar Tejgazdasági Kutató Intézet, Pécs).

Tagairtí do shaintréithe sonracha an táirge (é a bheith cnapánach/gráinneach nó uigeacht mar a bheadh cóilis ann a bheith aige):

Scríobhadh in *Tejgazdasági Szemle* sa bhliain 1925 go bhfuil cáis ghrutha gránach nó grabhrógach (A. Törs 1925, Tejgazdasági és Tejgazdasági Könyvtár (Tejgazdasági Szemle kiadása)).

Luann Mihály Balatoni 'cnapáin ghrutha, uigeacht mhín, scaoilte, garbh, mar a bheadh cóilis ann, meallta agus cnapáin a thabharfadh an chóilis chun cuimhne (Mihály Balatoni 1960, *Étkezési Túró gyártása*).

In 1979 d'fhoilsigh an Drs Sándor Szakály agus Gábor Tomka figiúirí maidir le treochtaí tomhaltais na cáise grutha seo ag a bhfuil 'uigeacht mar a bheadh cóilis ann' (Tejipar, Iml. 28, Uimh. 1, 1979).

Tagairtí d'úsáid ainm traidisiúnta an táirge:

De réir an Dr Sándor Szakály, is táirge déiríochta ársa de chuid na hUngáire é 'Rögös túró', nach bhfuiltear ar an eolas faoi ach i Lár na hEorpa, a thagann as áit siar ó Shléibhte na hÚraile agus a táirgeadh sa bhaile ó bhainne amh leis na céadta blianta (Tejgazdaságtan, 2001).

Léirítear cineál traidisiúnta 'Rögös túró' sa chaibidil ar leith atá tiomnaithe dó sa chnuasach 'Hagyományok-Ízek-Régiók' [Traidisiúin-Blasanna-Réigiúin] a d'fhoilsigh an Aireacht Talmhaíochta agus Agrármhargaíochta Centrum in 2002. Tá an cnuasach teoranta do tháirgí a bhfuil stair acu ar féidir iad a dhoiciméadú de réir na gcritéar ábhartha. Chun cáiliú, ní mór a léiriú go dtéann táirge siar dhá ghlúin (50 bliain) ar a laghad, agus ní mór gur táirge clúiteach aitheanta é a tháirgtear agus a dháiltear.

***Cúiseanna leis na leasuithe thuas (3-16):***

*Cúis 3: 4.2. Substaintí agus ionstraimí is féidir a úsáid*

Cúis:

Áirítear an aigéadacht nó luachanna pH coibhéiseacha le haghaidh na substaintí a fhéadfar a úsáid faoi láthair faoin roinn dar teideal 'Ceanglais íosta maidir le fíorú'. Ós rud é go mbaineann na luachanna sin go sonrach leis na substaintí áirithe lena mbaineann, bheadh sé níos ciallmhaire iad a chur in iúl agus na substaintí á sainiú, agus dá bhrí sin ba cheart iad a scriosadh ón roinn maidir le 'Ceanglais íosta maidir le fíorú'.

*Cúis 4: 4.2.1 'Réamhaibiú', an chéad abairt*

Cúis:

D'fhéadfadh an modh mearghruthaithe tarlú freisin gan réamhaibiú, nuair a chuirtear binid leis an mbainne bó ag 30-32 °C, agus saothrán lachtach 4-5 % ann. Dá bhrí sin, ba cheart réamhaibiú a léiriú mar rogha seachas mar chéim sainordaitheach. Chomh maith leis sin, ós rud é nach bhfuil aon réamhaibiú ann le linn gruthú mall, ba cheart an chuid ábhartha den abairt a scriosadh. Ní dhéanann an t-athrú difear d'uigeacht chnapánach ná do charachtar traidisiúnta an táirge; níl ann ach athrú teicniúil atá ag teacht leis an dul chun cinn is déanaí sa teicneolaíocht.

*Cúis 5: 4.2.1 'Réamhaibiú', an dara mír, an dara habairt*

Cúis:

Le dul chun cinn sa teicneolaíocht, cuireadh tomhas pH níos cruinne, lena n-áirithítear go gcaomhnaítear na hairíonna traidisiúnta, in ionad thomhas traidisiúnta na haigéadachta i roinnt déirithe. Ar an gcúis sin, ba cheart an luach pH coibhéiseach a léiriú in éineacht leis an leibhéal aigéadachta sa tsonraíocht táirge. Ní athraíonn an leasú tréithe orgánaileipteacha fíor-riachtanacha ná comhdhéanamh inmheánach an táirge ná ní dhéanann sé difear dá charachtar traidisiúnta.

*Cúis 6: 4.2.1 'Réamhaibiú', an tríú mír, an dara habairt*

Cúis:

Níor áiríodh sa tsonraíocht táirge bhunaidh ach cineál amháin feiste gruthaithe a úsáideadh chun an táirge a tháirgeadh, ach sa chleachtas úsáidtear umair go forleathan mar aon le dabhcha, mar a luaitear níos déanaí sa tsonraíocht táirge. Is chun críocha soiléirithe amháin an leasú; ní athraíonn sé tréithe orgánaileipteacha fíor-riachtanacha ná comhdhéanamh inmheánach an táirge ná ní dhéanann sé difear dá charachtar traidisiúnta.

*Cúis 7: 4.2.2 'An cion saille a choigeartú', an chéad abairt*

Cúis:

Níor tugadh tuairisc iomlán sa tsonraíocht táirge bhunaidh ar an gcleachtas forleathan a bhaineann leis an gcion saille a choigeartú. Leis an leasú, féachtar leis na modhanna uile a shainiú chun an cion saille a choigeartú, ar mhaithe le soiléireacht. Ní athraíonn an leasú tréithe orgánaileipteacha fíor-riachtanacha ná comhdhéanamh inmheánach an táirge ná ní dhéanann sé difear dá charachtar traidisiúnta.

*Cúis 8: 4.2.3. 'Binid a chur leis'*

Cúis:

Mar thoradh ar dhul chun cinn sa teicneolaíocht, tá saothráin lachtacha nua ag teacht chun cinn. D'fhéadfadh cainníochtaí na saothrán lachtach sin a úsáidtear le haghaidh binid a chur leis an táirge a bheith éagsúil ó shaothrán lachtach amháin go saothrán lachtach eile. Ós rud é go mbíonn méid an tsaothráin lachtaigh a úsáidtear le haghaidh binid a chur leis an táirge éagsúil de réir an tsaothráin, níl aon chiall leis an méid a chainníochtú. Ina ionad sin, moltar na treoracha dáileogachta a leanúint le haghaidh gach saothráin. Ní athraíonn an leasú tréithe orgánaileipteacha fíor-riachtanacha ná comhdhéanamh inmheánach an táirge ná ní dhéanann sé difear dá cháilíocht ná do charachtar traidisiúnta a tháirgeadh. Ina ionad sin, is athrú teicniúil é atá ag teacht leis an dul chun cinn is déanaí sa teicneolaíocht agus le héilimh tomhaltóirí agus a laghdaíonn riosca sábháilteachta bia an táirge.

*Cúis 9: 4.2.4 'Gruthú', an chéad abairt*

Cúis:

Le dul chun cinn sa teicneolaíocht, cuireadh tomhas pH níos cruinne, lena n-áirithítear go gcaomhnaítear na hairíonna traidisiúnta, in ionad thomhas na haigéadachta i roinnt déirithe. Ar an gcúis sin, ba cheart an luach pH coibhéiseach a léiriú in éineacht leis an leibhéal aigéadachta sa tsonraíocht táirge.

Chomh maith leis sin, ós rud é gur féidir leis an modh mearghruthaithe tarlú freisin gan réamhaibiú, ba cheart an modh sin a áireamh sa tsonraíocht, ar mhaithe le soiléireacht. Ní athraíonn an leasú tréithe orgánaileipteacha fíor-riachtanacha ná comhdhéanamh inmheánach an táirge ná ní dhéanann sé difear dá charachtar traidisiúnta. Ina ionad sin, is athrú teicniúil é atá ag teacht leis an dul chun cinn is déanaí sa teicneolaíocht agus le héilimh tomhaltóirí agus a laghdaíonn riosca sábháilteachta bia an táirge.

*Cúis 10: 4.2.5 'Próiseáil ghrutha', an dara mír*

Cúis:

Tá modhanna eile ann chun cosc a chur ar an ngruth titim as a chéile seachas an ceann a léirítear, agus ba cheart iad a áireamh sa tsonraíocht táirge freisin. Teastaíonn taithí ghairmiúil chun an sciath chosanta a fheistiú nó chun spadail a chur in ionad an ghairis ghearrtha, murach sin ní chomhlíonfaidh an táirge na rialacha. Dearadh na teicnící nua táirgthe grutha chun gruth den mhéid cheart a dhéanamh agus a chaomhnú, mar sin is ráthaíocht ann féin é uathoibriú na teicníce. Ní mór sciath chosanta a úsáid i gcónaí má theastaíonn sé le haghaidh teicníce. Ní úsáidtear ach lanna meascáin le haghaidh teicnící áirithe áfach chun an uigeacht chnapánach is gá a chaomhnú. Sa chás sin, ní féidir sciath chosanta a fheistiú le linn an phróisis ná spadail a chur in ionad an ghairis ghearrtha.

Le dul chun cinn sa teicneolaíocht, cuireadh tomhas pH níos cruinne, lena n-áirithítear go gcaomhnaítear na hairíonna traidisiúnta, in ionad thomhas na haigéadachta i roinnt déirithe. Ar an gcúis sin, ba cheart an luach pH a thaispeáint in éineacht leis an leibhéal aigéadachta traidisiúnta.

Is í sreang nó scian an uirlis is coitianta a úsáidtear chun an gruth a bhriseadh suas go réidh.

Ní mór struchtúr an ghrutha a chosaint chun an uigeacht chnapánach a chaomhnú. Sin é an fáth a ligtear dó suí arís agus arís eile ar feadh roinnt nóiméad (1-2).

Cuidíonn meascadh rialta freisin le dáileadh cothrom teasa a fháil.

Go loighciúil, ba cheart an dá abairt dheireanacha den mhír a bheith ag deireadh phointe 4.2.5 'Próiseáil grutha', agus is ann a cuireadh iad mar sin (féach Leasú 12).

Ní athraítear leis na leasuithe tréithe orgánaileipteacha fíor-riachtanacha ná comhdhéanamh inmheánach an táirge ná ní dhéanann sé difear dá charachtar traidisiúnta. Ina ionad sin, is athruithe teicniúla iad atá ag teacht leis an dul chun cinn is déanaí sa teicneolaíocht agus le héilimh tomhaltóirí agus a laghdaíonn riosca sábháilteachta bia an táirge.

*Cúis 11: 4.2.5 'Próiseáil ghrutha', an tríú mír*

Cúis:

Sa teicníc a úsáideann roinnt déirithe, tarlaíonn an dara téamh ag teocht níos airde chun forbairt an ghrutha a fheabhsú agus éifeachtúlacht a mhéadú. Ní dhéanann sé sin difear do charachtar traidisiúnta, tréithe orgánaileipteacha fíor-riachtanacha ná comhdhéanamh inmheánach an táirge deiridh. Tá údar maith leis an teocht a mhéadú i gcás gruthú mall agus mearghruthaithe araon. Ní ar fhad an ghrutha a bhraitheann an raon, ach ar an teicníc a úsáidtear. Ní hamháin go mbíonn tionchar ag an modh gruthaithe a úsáideann an déirí áirithe ar an raon 30-60 °C, ach bíonn tionchar ag an teicníc táirgthe air freisin.

Áirithítear leis an raon leathan teochta freisin nach n-eisiatar leis an tsonraíocht saoráidí níos lú, ná iad siúd a úsáideann teicnící nach bhfuil dea-rialáilte go leordhóthanach, lena n-áirithítear gur féidir le feirmeacha teaghlaigh simplí agus cuideachtaí ardbheachtais araon 'Rögös túró' ardcháilíochta a tháirgeadh.

Rinneadh an focal breise a scriosadh toisc gurb é príomhchuspóir an dara téamh an meadhg a bhaint.

Athraíonn déine an dara téamh de réir na dteicnící táirgthe (téimh) éagsúla a úsáidtear, mar sin níl ciall le déine an dara téamh a theorannú.

I roinnt teicnící nua-aimseartha, boga, fuinneamhéifeachtúla a fheabhsaíonn cáilíocht an táirge, ní scartar na hoibríochtaí éagsúla. Ciallaíonn sé sin go bhféadfar tús a chur leis an dara próiseas téimh fiú le linn na chéad chéime bhrúite, agus ní díreach ina dhiaidh. Sna teicnící sin, féadfar an próiseas táirgthe a ghiorrú, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos tapúla agus níos fuinneamhéifeachtúla agus níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol.

Ní dhéanann na leasuithe difear do cháilíocht an táirge ná do shaintréith thraidisiúnta a tháirgthe. Ina ionad sin, is athruithe teicniúla iad atá ag teacht leis an dul chun cinn is déanaí sa teicneolaíocht agus le héilimh tomhaltóirí agus a laghdaíonn riosca sábháilteachta bia an táirge.

*Cúis 12: 4.2.5 'Próiseáil ghrutha', an ceathrú mír*

Cúis:

Is léir ón taithí go mbíonn an dara céim brúite ann i gcónaí, mar sin ba cheart an abairt lena gceadaítear é a fhágáil ar lár a scriosadh. I gcomhréir le leasú 10 atá beartaithe (féach Leasú 10), aistríodh an dá abairt dheireanacha go dtí an mhír seo toisc go bhfuil ciall níos mó leis san ord sin.

*Cúis 13: 4.2.6 'Fuarú agus taoscadh'*

Cúis:

Chun éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht a fheabhsú, is gnáthchleachtas é i roinnt déirithe fuarú a dhéanamh ag teocht níos airde, lena mbaineann déine éagsúil, rud a fhágann gur féidir táirge níos cobhsaí ó thaobh na micribhitheolaíochta de a tháirgeadh. I roinnt teicnící, chun an uigeacht chnapánach a bhaint amach ar an mbealach is éifeachtúla is féidir, déantar pacáistíocht agus an táirge fós te, agus fuaraítear ina dhiaidh sin é, rud a shábhálann níos mó fuinnimh agus a dhéanann an próiseas teicneolaíochta níos tapúla agus níos fabhraí i dtéarmaí micribhitheolaíocha. Sa chóras dúnta sin, téann an táirge go díreach ón meaisín pacáistithe trí chorna fuaraithe, áit a bhfuaraíonn sé go 10 °C i 55 nóiméad. A bhuí leis an gcóras dúnta agus leis an bhfuarú tapa, tá riosca sábháilteachta bia an táirge an-íseal. Meastar gurb iad cáiseanna grutha a dhéantar trí úsáid a bhaint as an teicníc na cáiseanna is sábháilte ó thaobh na micribhitheolaíochta de.

A bhuí le héagsúlacht na dteicnící agus na gcleachtas táirgthe, níl ciall leis an déine a chainníochtú, ach tá údar maith leis an teocht a mhéadú. Ar mhaithe le soiléiriú, moltar foclaíocht ghinearálta a úsáid seachas na modhanna fuaraithe a ainmniú.

Ní athraíonn an leasú tréithe orgánaileipteacha fíor-riachtanacha ná comhdhéanamh inmheánach an táirge ná ní dhéanann sé difear dá cháilíocht ná do charachtar traidisiúnta a tháirgeadh. Ina ionad sin, is athrú teicniúil é atá ag teacht leis an dul chun cinn is déanaí sa teicneolaíocht agus le héilimh tomhaltóirí agus a laghdaíonn riosca sábháilteachta bia an táirge.

*Cúis 14: 4.2.7 'An meadhg a dheighilt', an chéad mhír*

Cúis:

Le teacht chun cinn teicnící nua feabhsaithe éifeachtúlachta nach ndéanann difear do charachtar traidisiúnta an táirge, tá roinnt modhanna chun an meadhg a dheighilt tagtha i bhfeidhm. Tá modhanna éagsúla ann le haghaidh gach teicníce, mar sin, ar mhaithe le soiléireacht, moltar foclaíocht ghinearálta seachas na modhanna sonracha a ainmniú, agus béim á leagan an tráth céanna ar chaomhnú shaintréith thraidisiúnta an táirge.

Ní athraíonn an leasú tréithe orgánaileipteacha fíor-riachtanacha ná comhdhéanamh inmheánach an táirge ná ní dhéanann sé difear dá cháilíocht ná do charachtar traidisiúnta a tháirgeadh. Ina ionad sin, is athrú teicniúil é atá ag teacht leis an dul chun cinn is déanaí sa teicneolaíocht agus le héilimh tomhaltóirí agus a laghdaíonn riosca sábháilteachta bia an táirge.

*Cúis 15: 4.2 Fophointe 'Ceanglais íosta maidir le fíorú'*

Cúis:

Le linn an fhíoraithe, ní gá ach na buncheanglais atá le scrúdú a liostú, ós rud é gur áiríodh cheana iad sa roinn ábhartha den tsonraíocht táirge le haghaidh na n-oibríochtaí lena mbaineann, agus léireofar na saintréithe sonracha maidir leis na substaintí is féidir a úsáid i gcomhréir le leasú 5.3. Is chun críocha soiléirithe amháin an leasú.

*Cúis 16: 4.3. Tuairisc ar na príomheilimintí lena mbunaítear saintréith thraidisiúnta an táirge*

Cúis:

Agus tuairisc á tabhairt ar na príomhghnéithe lena mbunaítear carachtar traidisiúnta an táirge, tá sé tábhachtach a shonrú cén phríomhghné lena mbunaítear an carachtar traidisiúnta lena mbaineann gach tagairt. Grúpáladh na tagairtí liteartha de réir cibé acu a thagraíonn siad:

— don mhodh traidisiúnta táirgthe,

— do shaintréithe sonracha an táirge, nó

— d'úsáid ainm traidisiúnta an táirge.

SONRAÍOCHT TÁIRGE LE hAGHAIDH SAINEARRA TRAIDISIÚNTA FAOI RÁTHAÍOCHT

**'Rögös túró'**

**Uimh. AE: TSG-HU-1113-AM02 — 27.1.2025**

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Rögös túró'

2. **An Ballstát atá ag déanamh iarratais ar chlárú**

an Ungáir

3. **Aicme an táirge (dá dtagraítear in Iarscríbhinn XVIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/26**

Aicme 1.3. Cáiseanna

4. **An foras le clárú a dhéanamh**

4.1. *An táirge*

☒ is toradh é ar mhodh táirgthe, ar mhodh próiseála nó ar mhodh comhdhéanaimh a fhreagraíonn do chleachtas traidisiúnta maidir leis an táirge sin

☐ táirgtear é ó amhábhair nó ó chomhábhair arb iad a úsáidtear go traidisiúnta

Tá difríocht shuntasach idir an teicníc chun 'Rögös túró' a tháirgeadh agus an teicníc a bhaineann le cáiseanna úra eile. Baintear cainníocht iomarcach an mheidhg go réidh as an ngruth a tháirgtear as an mbun-chomhábhar bainne le gruthú aigéadach nó measctha, próiseas a áirithíonn i ndeireadh na dála – fiú ag an gcéim roinnte agus pacáistithe – go gcaomhnaítear an uigeacht ghrabhrógach chnapánach mar a bheadh cóilis ann.

Tá difríocht idir 'Rögös túró' agus cineálacha eile cáise grutha go príomha i dtéarmaí na huigeachta atá aige mar gheall ar phróisis táirgthe grutha agus deighilte meidhg.

Níl uigeacht ag aon táirge cáise úire nó déiríochta eile atá comhdhéanta de chnapáin scaoilte a thabharfadh an chóilis chun cuimhne agus a chruthaítear a bhuí leis an teicníc táirgthe.

Déantar an táirge seo gan aon bhlastán agus cuirtear ar an margadh é agus é beagán géar, fliuch mar is dual dó agus grabhrógach, agus tá sé éagsúil le cineálacha eile cáise úire a dhíoltar ar an margadh, a tháirgtear trí úsáid a bhaint as cóireáil teasa agus fuineadh, mar shampla, nó mar chomhábhar bunúsach cácaí milse agus uachtarúla nó cístí.

Meastar freisin go bhfuil 'Rögös turó' ar cheann de phríomhbhianna cócaireachta na hUngáire. Ní féidir ach 'Rögös túró' a úsáid in ullmhú go leor miasa clasaiceacha.

4.2. *Ainm an táirge*

☒ tá sé in úsáid go traidisiúnta chun tagairt a dhéanamh don táirge

☐ sainaithnítear leis carachtar traidisiúnta an táirge

Cuireann an téarma 'Rögös' [cnapánach] san ainm saintréith an táirge in iúl: léiríonn sé uigeacht an táirge, arb é atá ann cnapáin ghrutha a thabharfadh an chóilis chun cuimhne. Léiríonn an téarma 'túró', atá deacair a aistriú go teangacha eile, fíorcháis úr a bhfuil blas taitneamhach géar, úr, cumhra air.

5. **Tuairisc**

5.1. *Tuairisc ar an táirge a bhfuil feidhm ag an ainm faoi phointe 1 maidir leis, lena n-áirítear a phríomhthréithe fisiceacha, ceimiceacha, micribhitheolaíocha nó orgánaileipteacha (Airteagal 54(1), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2024/1143 agus Airteagal 24 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/26)*

Agus dath eabhartha nó buíbhán air, is táirge déiríochta é 'Rögös túró' a thabharfadh an chóilis chun cuimhne lena chnapáin ghrutha agus tá blas taitneamhach géar, úr, blaistithe agus cumhra air. Le linn na táirgeachta, fanann na cnapáin iomlán; ní dhéantar damáiste dóibh nó ní bhrúitear iad.

Tá dromchla na gcnapanna clúdaithe le scannán meidhg. Déantar an cion taise a dháileadh go cothrom laistigh de na cnapáin, ionas go mbeidh na cnapáin fliuch fiú ar an taobh istigh.

Ceanglais fhisiceacha agus cheimiceacha:

Aigéadacht (°SH) 60-100 (seachas bearrtha: 60-90)

pH: 4,0-4,8

Is iad seo a leanas na méideanna éagsúla saille in 'Rögös túró': lánsaille, sailleach, leathbhearrtha, ísealsaille agus bearrtha.

Is iad seo a leanas na ceanglais fhisiceacha agus cheimiceacha maidir leis na méideanna éagsúla saille:

| Méid saille | Cion ábhair thirim íosmhéid % (m/m) | Cion saille in ábhar tirim % (m/m) |
|---|---|---|
| lán-saille | 40,0. | 60,0 ar a laghad |
| sailleach | 35,0. | 45,0 ar a laghad agus níos lú ná 60,0 |
| leathbhearrtha | 25,0. | 25,0 ar a laghad agus níos lú ná 45,0 |
| ar bheagán saille | 20,0. | 10,0 ar a laghad agus níos lú ná 25,0 |
| bearrtha | 15,0. | níos lú ná 10,0 |

Ceanglais orgánaileipteacha:

| | |
|---|---|
| Cuma | Eabhartha go haonfhoirmeach, nó i gcás na gcineálacha sailleacha agus lán-saille, dath buí-bán. |
| Uigeacht | Meallta (4-20 mm i méid) de chnapáin scaoilte a thabharfadh an chóilis chun cuimhne, a bhféadfadh méideanna beaga meidhg a bheith le feiceáil chomh maith. I gcás táirgí meaisín-phacáistithe, bloc homaiginithe a fhéadfar a bhriseadh ina chnapáin scaoilte a thabharfadh an chóilis chun cuimhne. Bíonn a uigeacht chnapánach follasach sa bhéal ach ní chuireann sé bac ar shlogadh. |
| Dea-bholadh | Géar ar bhealach taitneamhach, aramatach, glan, gan aon bholadh coimhthíoch. |
| Blas | Géar ar bhealach taitneamhach, úr agus aramatach, blasta, glan, gan aon bhlas coimhthíoch. |

5.2. *Tuairisc ar an modh táirgthe nach mór do na táirgeoirí a leanúint, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, cineál agus saintréithe na n-amhábhar nó na gcomhábhar a úsáidtear, lena n-áirítear, más ábhartha, ainmniúchán tráchtála an speicis lena mbaineann agus a ainm eolaíoch, agus an modh lena n-ullmhaítear an táirge (Airteagail 54(1), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE) 2024/1143 agus Airteagal 24 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/26)*

Substaintí agus ionstraimí is féidir a úsáid:

Substaintí a chomhlíonann na caighdeáin cháilíochta atá leagtha síos sna rialacháin atá i réim:

(a) bainne bó amh nó paistéartha, ó bhainne bearrtha go bainne iomlán (ag a bhfuil luach uasta SH 7,2 nó pH 6,6-6,85);

(b) uachtar, bíodh sé homaiginithe nó ná bíodh (ag a bhfuil uasaigéadacht phlasma SH 7,2 nó luach pH 6,4-7,0);

(c) saothrán lachtach ina bhfuil SH 36-40, baictéir aigéid lachtaigh a aigéadaíonn agus a tháirgeann dea-bholadh agus ag a bhfuil cumas maith aigéadaithe (e.g i bhfoirm saothrán olltáirgthe nó saothrán tús gabhála déiríochta íosreoite nó reothriomaithe);

(d) binid (le haghaidh gruthú measctha).

Modh táirgthe:

Is féidir 'Rögös túró' a tháirgeadh trí úsáid a bhaint as modh gruthaithe mheasctha, modh gruthaithe mhall nó mearghruthaithe. Níl aon difríocht idir paraiméadair cháilíochta 'Rögös túró' a tháirgtear trí na trí mhodh a úsáid.

Cé go bhfuil na céimeanna mar an gcéanna, déantar na próisis teicneolaíochta a luathú tríd an teocht a ardú agus an méid saothráin lachtaigh (binid) a chuirtear leis a mhéadú. Is é príomhaidhm an mhodha mearghruthaithe éifeachtúlacht a mhéadú agus úsáid níos fearr a bhaint as na soithí.

Is mar a leanas an próiseas táirgthe:

1. Réamhaibiú

D'fhéadfaí an próiseas sin a chur i bhfeidhm faoin modh mearghruthaithe.

Faoi mhearghruthú, giorraítear an t-am gruthaithe má dhéantar an bainne bó a réamhaibiú. Le linn réamhaibithe, déantar an bainne, atá paistéartha ag 6,0-7,2 °SH (nó pH 6,3-6,45), a réamhaibiú go dtí go sroicheann sé 9-11 °SH (nó pH 5,9-6,1). Tarlaíonn réamhaibiú ag teocht 12-15 C, ar feadh 6-8 uair an chloig.

Tá an bainne réamhaibithe (réamh-aigéadaithe) in umair nó i sadhlanna bainne. Ansin cuirtear an bainne réamhaibithe isteach i ngaireas gruthaithe (dabhach nó umar) chomh tapa agus is féidir.

2. An cion saille a shocrú

Ní mór méid saille an bhainne a choigeartú de réir chéim dheiridh saille 'Rögös túró'. Is féidir é sin a dhéanamh trí leathbhearradh, trí bhainne bearrtha a mheascadh le bainne iomlán, nó trí uachtar a mheascadh, lena n-áirítear uachtar homaiginithe, le bainne iomlán.

3. Binid a chur leis

Le linn gruthú mall, déantar an binid a chur leis an mbainne bó ag 22-32 °C. Le linn mearghruthú le réamhaibiú nó gan réamhaibiú, déantar an binid a chur leis an mbainne nó leis an mbainne réamhaibithe ag 30-32 °C trí úsáid a bhaint as saothrán lachtach (olltáirgthe nó púdair nó reoite), a mbraitheann a chainníocht ar an saothrán, agus leagtar síos cainníocht na binide sa tsonraíocht don chultúr. Cinntear cainníocht an chultúir – agus dá bhrí sin an modh gruthaithe – de réir an ama gruthaithe atá beartaithe.

4. Gruthú

Déantar an bainne ar cuireadh binid leis a ghruthú i soitheach gruthaithe ar feadh 12-20 uair an chloig i gcás gruthú mall agus ar feadh 4-6 uair an chloig i gcás mearghruthú – nó 6-8 n-uair an chloig i gcás mearghruthú gan réamhaibiú – go dtí go sroicheann sé SH 30-38, nó pH 4,2-4,8. Tarlaíonn gruthú mall ag teocht 22-32 °C agus mearghruthú ag 30-32 °C. Nuair a bhaintear amach an méid aigéid is gá, déanann an gruth briseadh glan, agus is féidir deighilt beag meidhg a thabhairt faoi deara. Úsáidtear binid freisin i ngruthú measctha.

5. Próiseáil an ghruthaithe

Is é an aidhm atá leis cion uisce an ghruthaithe a laghdú go dtí luach tipiciúil an táirge. Is éard atá sa nós imeachta ná an chéad chéim bhrúite, téimh agus an dara céim brú. Toisc go bhfuil an gruth measartha grabhrógach, tá gá le próiseáil chúramach.

Le linn na chéad chéime bhrúite, déantar an gruth a bhriseadh suas le gaireas a áirithíonn go mbristear suas go réidh é, ansin déantar é a mionghearradh, a mheascadh agus ligtear dó suí más gá. Is í an aidhm leis an gcéim sin cuidiú leis an meadhg a scaoileadh ón ngruth (siniréis). Le linn an ghearrtha, déantar an gruth, tar éis dó a bheith ag suí ar feadh cúpla nóiméad (ag SH 30-38, nó pH 4,2-4,8), a mhionghearradh i gcnapanna gránaithe ar mhéid gallchnó (2-3 cm). Nuair a bheidh an mionghearradh críochnaithe, féadfar cuid den mheadhg a bhaint. Le linn na chéad chéime eile, chun cosc a chur ar an ngruth titim as a chéile, féadfar sciath chosanta a chur ar an ngaireas gearrtha, nó féadfar spadail a úsáid in ionad an ghairis ghearrtha. Nuair a mheasctar iad, coinnítear na cnapáin ghrutha mionghearrtha atá fós ar snámh sa meadhg ag gluaiseacht.

Is é an aidhm atá leis na dara téimh na cnapáin ghrutha a chrapadh agus an meadhg a scaoileadh. Déantar an dara téamh trína chorraí go leanúnach, go dtí go mbaintear teocht 30-60 °C amach, gan beann ar an gcineál gruthaithe. Féadfar tús a chur leis an dara próiseas téimh freisin le linn na chéad chéime bhrúite.

Le linn an dara brú, ní mór an gruth meidhg a mheascadh ar bhonn leanúnach agus é a fhágáil chun moirtiú go dtí go bhfaighfear tathag an ghrutha atá ag teastáil. Mura soladaíonn na cnapáin ghrutha ag an ráta is gá chun uigeacht an 'Rögös túró' a fháil, is féidir cabhrú leis an bpróiseas soladaithe trí ligean dóibh moirtiú agus suí ar feadh tamall beag. Tar éis suí ar feadh tamall beag, ní mór na cnapáin ghrutha a mheascadh arís ionas nach ngreamóidh siad dá chéile.

6. Fuarú agus taoscadh

Is é an aidhm atá leis cosc a chur ar ró-aigéadú an ghrutha mionghearrtha agus téite agus ar leathadh aon éilleán miocróbach, ionas nach tiocfaidh an gruth i gceann a chéile agus ionas go rialófar dlúthú. Ní mór an gruth a fhuarú ionas nach sáraíonn an teocht ag deireadh an fhuaraithe 35 °C. Féadfaidh fuarú tarlú roimh an bpacáistiú nó ina dhiaidh.

Déantar an meascán meidhg agus gruth 'Rögös túró' a thaoscadh as an ngaireas gruthaithe trí mheán imtharraingthe nó trí chaidéal a chaomhnaíonn uigeacht an ghrutha.

7. An meadhg a dheighilt

Ní mór an meadhg atá scartha ón ngruth a bhaint, rud a chaomhnaíonn an uigeacht chnapánach. Is é deighilt an mheidhg an chéim lárnach i bhfoirmiú na huigeachta cnapánaí. Le linn dheighilt an ghrutha bogtar an gruth go cúramach ó am go chéile chun a áirithiú nach ndéanfar damáiste don uigeacht atá cosúil le cóilis. Leantar leis an deighilt go dtí go mbaintear amach an cion ábhair tirim agus an luach aigéid a theastaíonn don mhéid saille.

8. Doirteadh, pacáistiú, lipéadú agus stóráil

Ag an gcéim sin, tá sé tábhachtach a áirithiú nach ndéanfar an uigeacht chnapánach a bhriseadh suas nó nach ndéanfar damáiste di. Féadfar gás cosanta támh a úsáid le linn an phacáistithe. Ní mór an méid saille dá dtagraítear i bpointe 4.1 a léiriú ar an bpacáistíocht. Ní mór 'Rögös tóro' a stóráil ag uasteocht 10 °C ag baint úsáid as modh nach bhfuil aon tionchar meicniúil ag baint leis.

Íoscheanglais maidir le fíorú:

Mar gheall ar shaintréithe an táirge, ní mór na míreanna seo a leanas go háirithe a scrúdú agus 'Rögös túró' á sheiceáil:

— saintréithe cáilíochta sonracha na substaintí a úsáidtear le haghaidh táirgthe;

— comhlíonadh phointe 4 le linn an phróisis táirgthe;

— a mhéid a bhaineann le cáilíocht an táirge chríochnaithe, comhlíontacht phointe 4 i dtéarmaí ceanglais fhisiceacha agus cheimiceacha (méid saille, cion ábhair thirim, cion saille, aigéadacht) agus ceanglais orgánaileipteacha (cuma, uigeacht, blas agus boladh).

5.3. *Tuairisc ar na príomheilimintí lena mbunaítear carachtar traidisiúnta an táirge (Airteagal 54(1), an chéad fhomhír, pointe (d), de Rialachán (AE) 2024/1143 agus Airteagal 24 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/26)*

Tagairtí don mhodh traidisiúnta táirgthe

San 18ú-20ú haois d'itítáiseanna grutha agus iad úr nó leasaítí iad trína meilt, ina staid nádúrtha, ina bpíosaí ar mhéid gráin nó collchnó (*Magyar Néprajz nyolc kötetben*, Akadémiai Kiadó, Magyar Tudományos Akadémia).

Téann tagairt stairiúil amháin don cháis ghrutha a bheith cnapánach siar go dtí an tréimhse tar éis an Chéad Chogadh Domhanda. Deirtear ann go ndéantar ‘cáis ghrutha a mhionghearradh ina chnapáin ar mhéid collchnó (…) dá bhrí sin dá ghrabhrógaí is ea an gruth is ea is faide a fhanann sé úr’ (O. Gratz, *A tej és tejtermékek*, lgh. 294-296, 1925).

De réir an Dr Sándor Szakály, san Ungáir ‘is é an cineál cnapánach atá i gceist le 80 % den táirgeadh cáise grutha ar fad’... Tá difríocht bhunúsach idir ‘Rögös túró’ agus na trí chineál eile sa mhéid nach féidir gruthú an bhainne a úsáidtear lena thairgeadh a dhéanamh ach amháin trí aigéadú bitheolaíoch…(Dr S. Szakály 1980, *A rögös állományú étkezési túró korszerű gyártása*, Magyar Tejgazdasági Kutató Intézet, Pécs).

Tagairtí do shaintréithe sonracha an táirge (é a bheith cnapánach/gráinneach nó uigeacht mar a bheadh cóilis ann a bheith aige)

Scríobhadh in *Tejgazdasági Szemle* sa bhliain 1925 go bhfuil cáis ghrutha gránach nó grabhrógach (A. Törs 1925, Tejgazdasági és Tejgazdasági Könyvtár (Tejgazdasági Szemle kiadása)).

Luann Mihály Balatoni ‘cnapáin ghrutha, uigeacht mhín, scaoilte, garbh, mar a bheadh cóilis ann, meallta agus cnapáin a thabharfadh an chóilis chun cuimhne (Mihály Balatoni 1960, *Étkezési Túró gyártása*).

In 1979 d’fhoilsigh an Drs Sándor Szakály agus Gábor Tomka figiúirí maidir le treochtaí tomhaltais na cáise grutha seo ag a bhfuil ‘uigeacht mar a bheadh cóilis ann’ (Tejipar, Iml. 28, Uimh. 1, 1979).

Tagairtí d’úsáid ainm traidisiúnta an táirge

De réir an Dr Sándor Szakály, is táirge déiríochta ársa de chuid na hUngáire é ‘Rögös túró’, nach bhfuiltear ar an eolas faoi ach i Lár na hEorpa, a thagann as áit siar ó Shléibhte na hÚraile agus a táirgeadh sa bhaile ó bhainne amh leis na céadta blianta (Tejgazdaságtan, 2001).

Léirítear cineál traidisiúnta ‘Rögös túró’ sa chaibidil ar leith atá tiomnaithe dó sa chnuasach ‘Hagyományok-Ízek-Régiók’ [Traidisiúin-Blasanna-Réigiúin] a d’fhoilsigh an Aireacht Talmhaíochta agus Agrármhargaíochta Centrum in 2002. Tá an cnuasach teoranta do tháirgí a bhfuil stair acu ar féidir iad a dhoiciméadú de réir na gcritéar ábhartha. Chun cáiliú, ní mór a léiriú go dtéann táirge siar dhá ghlúin (50 bliain) ar a laghad, agus ní mór gur táirge clúiteach aitheanta é a tháirgtear agus a dháiltear.

6. **Ceanglais maidir le lipéadú**

-